2024/1494

27.5.2024

CINNEADH (CBES) 2024/1494 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 23 Bealtaine 2024

maidir le Ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI/1/2024)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh (CBES) 2023/1599, d'údaraigh an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil ar Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh'), agus go dtabharfaí treoir straitéiseach don Tionscnamh sin, lena n-áirítear na cinntí maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata a cheapadh.

(2) An 19 Aibreán 2024, mhol údaráis na Spáinne an Coirnéal Sergio PUEBLA GARCIA a cheapadh mar Cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 15 Eanáir 2024 go dtí an 14 Iúil 2024.

(3) An 19 Aibreán 2024, thacaigh Ceannasaí Míleata cholún míleata an Thionscnaimh leis an gceapachán molta sin.

(4) An 23 Aibreán 2024, chomhaontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go gceapfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an Coirnéal Sergio PUEBLA GARCIA mar Cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Thionscnaimh.

(5) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCoirnéal Sergio PUEBLA GARCIA a cheapadh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Coirnéal Sergio PUEBLA GARCIA mar Cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ón 15 Eanáir 2024 go dtí 14 Iúil 2024.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 15 Eanáir 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

D. PRONK

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25.